UNITED IRELAND

# ÉIRE NUA

**Republican Sinn Féin** does not merely seek a united Ireland. That is an inadequate objective. We are working to establish:

**A peaceful, democratic Ireland of self-governing communities, which would replace both the Six and 26-County states.**

We can achieve this by:

- demanding and securing an end to English rule, the root cause for centuries of division, suffering and injustice in our land;
- establishing real democracy and peace with justice in a pluralist Ireland;
- organising the governance of Ireland on the federal basis of four provincial parliaments – including the nine counties of Ulster, Dáil Uladh;
- guaranteeing, by constitution and a charter of rights, the rights of all citizens to exercise real power in a participatory democracy.

This is a real and credible alternative. The only peace process that will bring lasting peace begins with these three steps:

(1) A British declaration of intent to leave Ireland;

(2) A New Ireland negotiated by the Irish people themselves;

(3) A general amnesty for ALL political prisoners.

Meeting Tonight
Cruinniú Anocht
DILLON THEATRE,
UCG
8 PM / 8 a clog

'If the Unionists feel abandoned by England and threatened by Dublin; if they perceive that nothing is left to them only their own Ulster identity, then we have something to say to them.

In the context of an English public undertaking to withdraw, the Ulster identity is a legitimate identity, as is the Munster, Leinster and Connacht identity in each case. This Ulster identity can find expression through democratic structures in a free Ireland and would include Protestant, Catholic and Dissenter. In a nine-county Ulster with strong regional and local government those who are now Unionists could control their own lives.'

'The position of each province in the **New Federal Ireland** would be entrenched in a written constitution with the complete separation of church and state and a pluralist society.'

'The way forward to this is through the election of a 32-County Constituent Assembly which would have the sole task of drafting a new constitution for All Ireland. After this is adopted by a majority in an All-Ireland referendum the British must leave within twelve months. (See our **Towards a Peaceful Ireland** policy document for details.) These are honest, generous and principled proposals.'

–Ruairí Ó Brádaigh, Uachtarán, Republican Sinn Féin.

In **ÉIRE NUA** we can set about developing our country, socially, economically and culturally.

**SAOL NUA**, our Social and Economic Programme, calls for a new system of economics; sustainable, non-polluting development of our own resources; an end to dependency; the promotion of self-reliance in individuals, families and communities; small indigenous enterprises; worker/producer-owned co-operatives; power to the people; a real and sane alternative to the present system which is based on consumerism and greed and is devoid of human values.

There are many honest, sincere, well-meaning people in Ireland who would support such a programme. Does this sound like the kind of Ireland you would like to see?

Read and study our policies. They are different, they are based on the real needs of human nature and they would promote the welfare and dignity of all.

**How would you describe the Ireland of today, the 1990s? Would you use words like these?**

Unemployment, emigration, poverty, inequality, violence, crime, deprivation, corruption, injustice, cynicism, debt, rich getting richer, poor getting poorer, lack of vision, no leadership, consumerism, hypocrisy, hopelessness.

The partition system has given us two failed states and has ruined the lives of millions. Do you want more of this, North and South? It is time the ordinary people spoke. It is time they organised behind a new, alternative programme, based on human values.

Republican Sinn Féin wants to replace strife and bitterness with a genuine and **permanent peace, based on justice.** The state class who operate the present system have a vested interest in maintaining it as it is.

It is time to identify a vision of the future for ourselves and our children and then to push past the politicians and build ÉIRE NUA, a prosperous community of communities which cherishes all citizens equally.

A 'United Ireland' of Six and 26 Counties is not enough. We deserve better than that. We all deserve much better than what we have got now.

| | |
|---|---|
| **ÉIRE NUA** – A New Democracy | £1.00 |
| **SAOL NUA** – A New Way of Life | 70p |
| **TOWARDS A PEACEFUL IRELAND** | 20p |

All three in one pack, post free £2.00, from Republican Sinn Féin, 41 Arran Quay, Dublin 7

December 1993

# ÉIRE NUA

Tá **Sinn Féin Poblachtach** ag lorg níos mó ná Éire Aontaithe. Ní leor é seo ann féin mar sprioc. Táimid ag saothrú ar son–

**Éire, síochánta agus daonlathach, comhdhéanta de phobail a mbeadh féinrialú ag gach ceann acu, agus a chuirfí in áit an dá stát, na 26 contaetha agus na Sé Contaetha.**

Is féidir linn é seo a thabhairt chun críche trí:

- Deireadh le riail Shasana a éileamh agus a bhaint amach, mar gurb í sin bunchúis an easaontais, an léin agus na héagóra in ár dtír;
- Fíordhaonlathas agus síocháin le ceart a bhunú in Éirinn iolraíoch;
- Rialú na hÉireann a bhunú ar bhonn feidearálach, le ceithre pharlaimint chúigeacha,agus naoi gcontaetha Uladh san áireamh, ina mbeadh Dáil Uladh;
- Cearta na saoránach uile, ar leas a bhaint as fíorchumhacht i ndaonlathas rannpháirtíoch, a ráthú trí bhíthin bunreachta agus reacht bunchearta.

Is malairt réadach agus inchreidte an clár seo. An t-aon phróiseas síochána a thabharfas buansíocháin chun críche, tosaíonn sé leis na trí céimeanna seo:

(1) Dearbhú intinne ag na Sasanaigh Éire a fhágáil;
(2) Éire Nua arna beartú ag muintir na hÉireann iad féin;
(3) Pardún ginearálta do GACH UILE phríosúnach polaitiúil.

'Má bhraitheann na hAontachtaithe go bhfuil siad á dtréigeadh ag Sasana agus faoi bhagairt ag Baile Átha Cliath; má mhothaíonn siad nach bhfuil fágtha acu ach a bhféiniúlacht Ultach, sa chás sin tá rud éigin againne le rá leo.

'I gcomhthéacs gealltanais phoiblí ag Sasana go dtarraingeodh sí siar, is féiniúlacht dlisteanach í an fhéiniúlacht Ultach, fearacht fhéiniúlacht na Muimhneach, na Laighneach agus na gConnachtach. Tig leis an bhféiniúlacht Ultach seo í féin a chur in iúl trí struchtúir dhaonlathacha in Éirinn saor agus bheadh an Protastúnach, an Caitliceach agus an tEasaontóir san áireamh anseo. In Ulaidh na naoi gcontaetha, le rialtas láidir réigiúnach agus áitiúil, d'fhéadfadh an mhuintir atá anois ina nAontachtaithe a saol féin a rialú.

'Dhéanfaí suíomh gach cúige ins an **Éire Nua fheidearálach** a dhaingniú i mbunreacht scríofa agus bheadh deighilt iomlán idir eaglais agus stát i sochaí iolraíoch.

'Is féidir dul ar aghaidh chuige seo trí Chomhthionól 32 Chontae a thoghadh a mbeadh sé d'aonchúram air bunreacht nua d'Éirinn uile a dhréachtadh. Nuair a bheadh glactha leis seo ag móramh i reifreann uile-Éireann bheadh ar na Sasanaigh imeacht leo laistigh de bhliain amháin (Féach na sonraí in ár gcáipéis pholasaí **Towards a Peaceful Ireland**). Is tairiscintí ionraice, fiala agus prionsabálta iad seo'.

– Ruairí Ó Brádaigh, Uachtarán, Sinn Féin Poblachtach.

Beidh deis againn in **ÉIRE NUA** tabhairt faoin ár dtír a fhorbairt sna ranna sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha.

Séard atá i **SAOL NUA**, Clár Sóisialta agus Eacnamaíochta a éilíonn córas nua eacnamaíochta; forbairt mharthanach gan truailliú ar ár n-acmhainn féin; deireadh le cleithiúnas; cothú féin-mhuiníne i ndaoine, i dteaghlaigh agus sna pobail; fiontair bheaga dhúchasacha; comharchumainn i seilbh na n-oibrithe/táirgeoirí; na daoine i réim; córas réadach céillí mar mhalairt ar an gcóras atá ann faoi láthair agus atá bunaithe ar an tomhaltachas agus ar an tsaint agus atá easpach i luachanna daonna.

Tá neart daoine ionraice, fíréanta agus dea-mhéineacha in Éirinn a thacódh lean leithéid de chlár. An bhfuil dealramh aige seo leis an gcineál Éireann ar mhaith leatsa a fheiceáil? Léigh ár bpolasaithe agus déan staidéar orthu. Tá siad sainiúil, tá siad bunaithe ar fhíor-riachtanais an nádúir dhaonna agus chuirfidís leas agus dínit gach uile dhuine chun cinn.

**Conas a chuirfeá síos ar Éirinn an lae inniu, na 1990idí?**
**An mbainfeá feidhm as foclóir mar seo?**

Dífhostaíocht, imirce, bochtanas, éagothroime, foréigean, coirpeacht, angar, caimiléireacht, éagóir, ciniceas, fiacha, saibhir ag éirí níos saibhre, daibhir ag éirí níos daibhre, easpa fise, easpa ceannasaíochta, tomhaltachas, fimíneacht, éadóchas.

Tá teipthe ar dhá stát na críochdheighilte agus tá saol na milliún daoine millte acu. An bhfuil a thuilleach de seo uaibh, Thuaidh agus Theas, a dhaoine chóra? Tá sé in ann don ghnáthphobal labhairt. Tá sé in ann dóibh eagar a chur orthu féin agus tacú le clár úrnua bunaithe ar luachanna daonna, mar mhalairt ar an gcóras atá ann anois.

Is mian linn **fíorshíocháin bhuan, bunaithe ar an gceart**, a chur in áit an achrainn agus na gangaide. Tá spéis ar leith, chun a leasa féin, ag an aicme stáit a oibríonn an córas atá ann faoi láthair in é a bhuanú.

Tá sé in am dúinn fís don am atá le teacht a chruthú dúinn féin agus dár gclann agus dul thar na polaiteoirí ansin le ÉIRE NUA a thógáil, pobal rathúil comhdhéanta de phobail níos lú a thugann gean do gach saoránach mar a chéile.

Ní leor na Sé Contaetha a aontú leis na 26 Contaetha. Tá rud éigin níos fearr ná sin tuillte againn. Tá rud éigin i bhfad níos fearr ná a bhfuil againn faoi láthair tuillte againn uile.

| | |
|---|---|
| **ÉIRE NUA**– A New Democracy | £1.00 |
| **SAOL NUA** – A New Way of Life | 70p |
| **TOWARDS A PEACEFUL IRELAND** | 20p |
| An t-iomlán san aon phacáiste amháin, postas san áireamh | £2.00 |

ó Sinn Féin Poblachtach, 41 Cé Árann, BÁC 7.
Mí na Nollag, 1993

Is oth linn nach acmhainn dúinn faoi láthair na cáipéisí seo a fhoilsiú i nGaeilge go hiomlán.

**Title:** United Ireland / Éire Nua
**Organisation:** Republican Sinn Féin
**Date:** 1993

Downloaded from the Irish Left Archive.
Visit www.leftarchive.ie

*The Irish Left Archive is provided as a non-commercial historical resource, open to all, and has reproduced this document as an accessible digital reference. Copyright remains with its original authors. If used on other sites, we would appreciate a link back and reference to the Irish Left Archive, in addition to the original creators. For re-publication, commercial, or other uses, please contact the original owners. If documents provided to the Irish Left Archive have been created for or added to other online archives, please inform us so sources can be credited.*